

Míchothromaíochtaí sóisialta i Sláinte agus a gCinntithigh:

Torthaí barrlíne ó Bhabhta 7 de
Shuirbhé Sóisialta na hEorpa

Sraith Torthaí
Barrlíne an
SSE

Eagrán

6

Ag teacht ar Sonraí agus Cáipéisíocht ó Shuirbhé Sóisialta na hEorpa

Soláthraíonn Suirbhé Sóisialta na hEorpa Cuibhreasann Bonneagair Taighde na hEorpa (SSE) CBTE rochtain saor in aisce ar a chuid sonraí agus cáipéisíocht ar fad. Is féidir iad seo a fheiceáil agus a íoslódáil ó www.europeansocialsurvey.org.

Forbraíodh tionscnaimh shonracha chun rochtain agus úsáid an tacar sonraí atá ag fás a chur chun cinn, EduNet agus NESSTAR san áireamh, tá an dá cheann acu ar fáil trí suíomh gréasáin an SSE.

EduNet

Forbraíodh uirlis ríomhfhoghlama an SSE, EduNet, le húsáid san ardoideachas. Soláthraíonn sé samplaí

agus cleachtaí praiticiúla atá cruthaithe chun úsáideoirí a threorú tríd an bpróiseas taighde, ó fhadhb theoriciúil go léiriú na dtorthaí staidrimh. Tá deich dtopaic ar fáil anois ag baint úsáid as sonraí ón SSE.

NESSTAR

Úsáideann Pacáiste Anailís Ar Líne an SSE NESSTAR-uirlis anailíse sonraí ar líne. Tá cáipéisíocht chun tacú le NESSTAR ar fáil ó Sheirbhísí Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hIorua (www.nesstar.com).

Tá sé mar aidhm ag Suirbhé Sóisialta na hEorpa a chinntiú go n-éistítear níos soiléire leo siúd atá ina gcónaí san Eoraip tríd aimpliú a dhéanamh ar a gcuid tuairimí agus a riocht sóisialta a shoiléiriú.

Diríonn an tuairisc Barrlíne seo ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí dár saol-sláinte-agus leagann sé béim ar na míchothromaíochtaí móra atá ann laistigh de agus idir tíortha san Eoraip.

Ag cur an modúl seo san áireamh san SSE, d'éascaigh sé ceann de na scrúduithe is cuimsithí ar míchothromaíochtaí sláinte (féin-thuairiscithe) trasna náisiúnta laistigh de chomhthéacs socheolaíochta níos leithne agus soláthraíonn sé torthaí atá fíor thábhachtach do lucht acadúla agus lucht déanta beartas.

Áirítear leis an modúl chomh maith nuálaíochtaí, mar shampla modh nua chun tomhaltas alcóil a thomhas. Ag an am céanna tá an modúl ag soláthar sonraí tábhachtacha ar dhífriochtaí i leitheadúlacht na gcoinníollacha sláinte trasnáisiúnta agus maidir le rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte.

Táim ag tnúth le fáilte a chur roimh go leor anailísithe sláinte eile go pobal úsáideoirí sonraí an SSE agus le torthaí a gcuid anailíse bunaithe ar an modúl nua spreagúil seo a fheiscint.

Rory Mac Gearailt

Stiúrthóir SSE CBTE

Cathair, Ollscoil Londain (An Ríocht Aontaithe)

Údair an eagráin seo:

Is Ollamh na Socheolaíochta é Terje Andreas Eikemo ag Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta na hIorua (NTNU), Trondheim, an Iorua.

Is Léachtóir Sinsearach é Tim Huijts i Socheolaíocht in Ollscoil Eabhac, An Ríocht Aontaithe.

Is Ollamh i dTíreolaíocht Sláinte Poiblí i Clare Bamba in Ollscoil Durham, An Ríocht Aontaithe.

Is Comhalta Iar-Dhochtúireachta i Courtney McNamara ag NTNU, Trondheim, an Iorua.

Is iarrthóir PhD é Per Stornes ag NTNU, Trondheim, an Iorua.

Is iarrthóir PhD i Mirza Balaj ag NTNU, Trondheim, an Iorua.

Bhí Eikemo, Huijts, agus Bamba ina mbaill den bhFoireann Deartha Ceistneora (FDC) a d'fhorbair an modúl ar 'Míchothromaíochtaí sóisialta i sláinte agus a gcinntithigh. I measc baill eile den FDC bhí:

Olle Lundberg, Ionad um Staidéar Cothromais Sláinte, Stócólm, an tSualainn;

Johan Mackenbach, An Rannóg Sláinte Poiblí, Ionad Leighis Ollscoile Erasmus, Rotterdam, An Ísiltír.

Ina theannta sin, chuir na baill seo a leanas de chuid Fhoireann Eolaíochta Lárnach an SSE le dearadh an mhodúil: Rory MacGearailt, Yvette Prestage, Ana Villar, Sally Widdop, agus Lizzy Winstone.

Míchothromaíochtaí sóisialta i Sláinte agus a gCinntithigh: Torthaí Barrlíne ó Bhabhta 7 de Shuirbhé Sóisialta na hEorpa

Terje Andreas Eikemo, Tim Huijts, Clare Bamba, Courtney McNamara, Per Stornes agus Mirza Balaj

Réamhrá

Tá an inchoimeádachas de mhíchothromaíochtaí shóisialta i sláinte bunaithe go maith: tá galracht níos ísle agus ionchais saoil níos faide ag daoine le hardoideachas, stádas gairme, nó ioncam.

Cé go bhfuil míchothromaíochtaí sóisialta i sláinte ann i ngach cumann ar fud an domhain, baineann éagsúlacht leis na míchothromaíochtaí seo ó thaobh spáis agus tá difríochtaí suntasacha ann laistigh den Eoraip.

Tá taighde a foilsíodh ag úsáid sonraí ó Suirbhé Sóisialta na hEorpa (SSE) tar éis cur go mór leis an iniúchadh a deineadh ar an gcaoi go mbíonn éagsúlacht ann i dtaobh míchothromaíochtaí sóisialta i sláinte ar fud tíortha na hEorpa (Eikemo et al., 2008a; Eikemo et al., 2008b; Huijts, 2011; Van de Velde, Bracke, & Levecque, 2010).

Braitheann na staidéir seo ar thri phríomhthorthaí sláinte (i. sláinte féin-rátaithe agus breoiteacht teorantach fada, agus dúlagar), agus líon teoranta de chinntithigh sóisialta a bhaineann le sláinte, mar shampla, le seasamh socheacnamaíoch daoine. Go ginearálta, tá sláinte níos measa ag an obair seo i measc daoine atá i ngrúpaí socheacnamaíoch níos ísle ach patrúin difriúla míchothromaíochta ar fud na hEorpa.

Chun ár dtuiscint a fheabhsú maidir le conas agus cén fáth go leanann míchothromaíocht sóisialta i sláinte ar aghaidh; ní mór imscrúdú a dhéanamh ar torthaí sláinte níos caolchúisí agus ar shraith níos mó de chinntithigh sóisialta sláinte. Cé go bhfuil réimse de thorthaí sláinte agus cinnntithigh san áireamh i suirbhéanna sláinte, go dtí seo ní raibh a dhóthain sonraí ann mar gheall ar an gcóras srathaithe sóisialta de sochaithe, ina measc sonraí saibhir ar choinníollacha maireachtála.

Ag an am céanna, níl aon suirbhé socheolaíoch ann le dóthain sonraí ar réimse de fachtóirí iompair/

stíl mhaireachtála agus torthaí sláinte (mar shampla coinníollacha ainsealacha ar leith).

Sin é an fáth go bhfuil modúl neamhionannas sláinte forbartha againn le comhtháthú leis an SSE, a bhfuil bun-athróa srathaithe aige cheana féin sa chuid lárnach den suirbhé.

Tá raon leathan de tháscairí galracha san áireamh sa mhodúl rothlach ar 'Míchothromaíochtaí sóisialta i Sláinte agus a gCinntithigh', a áirítear i mBabhta 7 den SSE,ⁱ lena n-áirítear roinnt fadhbanna sláinte físiúla féin-thuairiscithe (mar shampla galar croí agus deacrachtaí anáilaithe).

Is é seo an chéad modúl sláinte trasnáisiúnta chun réimse leathan de chinntithigh sóisialta a bhaineann le sláinte a áireamh, mar shampla, le fachtóirí iompraíochta agus síceolaíochta, rochtain ar chúram sláinte agus coinníollacha fostaíochta.

Chun cioca torthaí sláinte agus cinnntithigh a aithint le n-áireamh laistigh den mhodúl 'Míchothromaíochtaí sóisialta i Sláinte agus a gCinntithigh', bhíomar ag brath ar múnla Dahlgren & Whitehead (1991) de chinntithigh sláinte (féach Fíor 1) agus athbhreithniú le déanaí maidir le cinnntithigh sóisialta sláinte, mar shampla an t-athbhreithniú Marmot (2008).

Thugamar tosaíocht do chinntithigh tábhachtacha sláinte aitheanta in athbhreithnithe náisiúnta, ar nós coinníollacha tithíochta, úsáid seirbhísí sláinte malartacha, agus cúram neamhíochta.

Thugamar tosaíocht chomh maith do choincheapa a d'fhéadfaí a thomhas ag baint úsáid as liosta teoranta earra, ag cuimhneamh ar theorainn an mhodúil de 30 earraí.

Ar deireadh, rinneamar ceisteanna a phiolótú chun a leitheadúlacht, dáileadh sóisialta, agus baint le sláinte a mheas (Eikemo et al., 2016). Cuireadh cinnntithigh leis na cumainn is láidre agus gan fadhbanna tomhais eile san áireamh ansin.

Tá forléargas ar na rudaí go léir a n-áirítear sa mhodúl ar fáil i dTábla 1.

Bailíodh na sonraí ó Bhabhta 7 den SSE trí sraith agallaimh-uair a' chloig an cheann, le daoine aonair in aois 15 bliana nó níos sine i 21 tír Eorpach,ⁱⁱ ag soláthar faoi bhun 40,200 freagra ar leith.

Roghnaíodh freagróirí suirbhé trí úsáid a bhaint as sampláil dóchúlacht randamach, le ráta íosta athfhríotail de 70%, chun iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuaradh samplaí náisiúnta ionadaíoch.ⁱⁱⁱ


Tá dóchúlacht níos mó ann go bhféadfar comparáidí iontaofa tras-tíre a dhéanamh de bharr aistriúchán ardchaighdeán^{iv} an SSE de cheisteanna agus maidir le cur chuige samplála agus córasach idináisiúnta.

Tugann an leabhrán seo cur síos ar na torthaí is airde ónár réamh-anailís ar an sonraí seo,^v lena n-áirítear iniúchadh ar na torthaí sláinte éagsúla agus na príomh chinntithigh de sláinte ar fud na hEorpa agus an éagsúlacht a bhíonn eatarthu.

Cuirimid scrúdú san áireamh freisin ar an gcaoi a gcuireann cinntithigh sóisialta difriúla sláinte, go háirithe na cinn a bhaineann le coinniollacha iompair, ceirde agus coinniollacha maireachtála, le míchothromaíochtaí oideachais a mhíniú i ndroch sláinte féin-rátaithe.

Tugann an scrúdú seo léiriú ar an gcineál anailís dhomhain gur féidir a dhéanamh leis na sonraí nua seo agus le roinnt léargas luath ar an gcineál fachtóirí atá tábhachtach maidir le míniú míchothromaíochtaí oideachais i ndroch sláinte féin-rátaithe san Eoraip.

Fíor 1: Dahlgren agus Whitehead (1991) múnla de chinntithigh sláinte



Tábla 1: Coincheapa agus nithe a chuimsítear i modúl rothlach an SSE ar míchothromaíochtaí sóisialta i sláinte agus a gcinntigh

Coincheapa	Nithe (Cur síos ar na tomhais a úsáidtear)
Caitheamh Torthaí agus Glasraí	Minicíocht d'úsáid torthaí (gan sú a áireamh).
	Minicíocht glasraí nó saillead a ithe (gan prátaí a áireamh).
Gníomhaíocht Fhisiúil	Líon na laethanta ar shiúil freagróirí go tapa, go ndearna siad spóirt nó gníomhaíocht fhísiceach eile i gcór 30 nóiméid nó níos faide sna 7 lá deiridh.
Caitheamh tobac	Féin-aicmiú mar chaiteoir tobac laethúil, caiteoir tobac ócáideach, iar-chaiteoir tobac, nó neamh-chaiteoir tobac (toitíní agus tobac rollta, gan piopaí a áireamh, comh maith le todóga agus toitíní leictreonacha).
	Líon na toitíní a chaitear ar lá tipiciúil.
Úsáid Alcóil	Minicíocht úsáid alcóil le 12 mhí anuas.
	An líon deochanna (mar a thaispeántar ar chárta taispeántais) a óltar an uair dheireanach ar óladh alcól ar Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, nó Déardaoin.
	An líon deochanna (mar a thaispeántar ar chárta taispeántais) a óltar an uair dheireanach ar óladh alcól ar an Aoine, Satharn nó Domhnach.
	Minicíocht ragús óil le 12 mhí anuas.
ICM	Airde gan bróga; meáchan gan bróga.
Úsáid Cúram Sláinte	Pléadh sláinte le cleachtóir ginearálta le 12 mhí anuas.
	Pléadh sláinte le speisialtóir leighis le 12 mhí anuas.
	Neamh ábalta comhairliúchán leighis a aimsiú nó an chóir leighis atá de dhíth le 12 mhí anuas.
	Cúiseanna do bheith neamh ábalta comhairliúchán leighis a aimsiú nó an chóir leighis atá de dhíth le 12 mhí anuas.
	Cóiréalacha leighis eile a úsáideadh le 12 mhí anuas (12 chineál cóir leighis ar chárta taispeántais).
Soláthar Cúram Neamhíochta	Ag tabhairt aire nó ag tabhairt cabhair do bhaill teaghlaigh, cairde, comharsana nó daoine eile de bharr sláinte nó míchumas fíisceach nó meabhrach fadtéarmach, nó fadhanna a bhaineann le seanaois, gan fostaíocht íochta a áireamh.
	An líon uaireanta in aghaidh na seachtaine a chaitear ag cur cúram neamhíochta ar fáil.
Toisí folláine intinne	Dúlagar a bheith ort; iarracht a bhí i ngach rud; fadhb ag codail; sásta; uaigneach; ag baint taitneamh as an saol; brónach; neamh ábalta tú féin a spreagadh le rudaí a dhéanamh; le linn na seachtaine seo caite (8 nithe ar leithligh).
Coinníollacha féintuarascála	Fadhbanna sláinte (ar chárta taispeántais) le 12 mhí anuas: fadhb croí nó imshruthú; brú fola ard; fadhbanna anáilthe; ailléirgí; pian droma nó muineál; pian matáin nó pian ailt sa lámh nó sa ghéag; pian matáin nó pian ailt sa chos; fadhbanna a bhaineann le boilg nó le díleá; fadhbanna a bhaineann le riocht craicinn; tinnis cinn tromchúiseacha; diaibéiteas.
	Fadhbanna sláinte (ar chárta taispeántais) ag cur cosc le gníomhaíochtaí laethúla le 12 mhí anuas).
	Ailse agat faoi láthair; bhí ailse agat cheana.
Coinníollacha óige	Coimhlint thromchúiseach idir na daoine atá ina goónaí sa teaghlach ag fás suas.
	Deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais ag fás suas.
Caighdeán na dTithe	Aon deacrachtaí (mar a thaispeántar ar chárta taispeántais) le lóistín.
Coinníollacha Oibre	Blaiseadh a fháil in aon phost de: chreathanna ó uirlisí nó innealra láimhe; suíomhanna tuirsiúla nó pianmhara; ag ardú nó ag bogadh daoine de lámh; ag iompar nó ag bogadh ualái troma de lámh.
	Blaiseadh a fháil in aon phost de: thorann an-ard; teochtaí an-the; teochtaí an-fhuar; radaíocht ar nós X-ghathanna; láimhseáil, análú a dhéanamh nó a bheith i dteagmháil le táirgí ceimiceacha, gala nó substaintí; ag análú cineálacha eile deataigh, múch, púdar nó deannach.

Nóta: Tá an fhoclóocht chruinn do na ceisteanna ar fáil i gceistneoir Babhta 7 den SSE gur féidir a íoslódáil ó láithreán gréasáin an SSE.

Conas a dhéantar sláinte a dháileadh ar fud na hEorpa?

Maidir le gach toradh sláinte laistigh den mhodúl, ríomhamar rátaí leitheadúlachta aoischaighdeánaithe.^v Ríomhamar aoisghrúpaí i gcomhréir le Daonra Caighdeánach na hEorpa 2013 agus chuireamar tíortha i ngrúpaí go garbh de réir réigiúin gheografacha^{vii} sna táblaí/cairteacha chun béim a chur ar bhraisliú réigiúnach na meastachán a aimsimid le haghaidh roinnt de na míreanna.

Léiríonn Tábla 2 éagsúlacht trasnáisiúnta i gcoinníollacha ainsealacha féin-thuairiscithe. Ar an iomlán feicimid go dtéann na coinníollacha go léir i bhfeidhm ar chomhréireanna suntasacha den sampla don chuid is mó de na tíortha, ach do formhór de na coinníollacha feicimid difríochtaí suntasacha thar tíortha comh maith. Tá céatadán na bhfreagróirí a thuairiscíonn fadhbanna croí agus imshruthú níos ísle i gcoitinne i dtuaisceart na hEorpa (eisceacht is ea an Fhionlainn), agus thar a bheith ard sa Liotuáin agus sa Fholainn.

Tá brú fola ard go háirithe sa Ghearmáin, san Ungáir, sa Liotuáin, agus sa tSlóivéin. Tá leitheadúlacht na fadhbanna anáilaithe thar a bheith íseal i lár agus in Oirthear na hEorpa, agus is cosúil go bhfuil ailléirí thar a bheith achrannach i dtuaisceart na hEorpa. I gcás pian láimhe, pian coise agus go háirithe pian droma, tá sé soiléir go bhfuil taithí ag codanna móra den sampla ar na coinníollacha seo le bliain anuas i ngach tír, agus ní aimsimid patrúin soiléire d'éagsúlacht réigiúnach anseo.

Baineann an méid céanna le fadhbanna boilg, áit a fhaighimid líon suntasach daoine a bhfuil na coinníollacha sin acu ach ní aon éagsúlacht réigiúnach soiléir ann. Tá fadhbanna craiceann thar a bheith ard san Fhionlainn agus tá siad sách íseal i lár agus in oirthear na hEorpa i gcomparáid le ceantair eile. I gcás tinnis cinn tromchúiseacha, feicimid bearna láidir inscne, le níos mó seans ann go ndéanfadh mná tuairisciú ar seo, agus tá céatadán sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa Phortaingéil ag tuairisciú an coinníoll seo níos mó ná trí huair níos airde ná in Éirinn. Maidir le diaibéiteas, ní aon phatrún soiléir ar éagsúlacht trasnáisiúnta ach tá siad

beagáinín níos airde in Iosrael ná in áiteanna eile. Ag comhcheangal eolas ar na coinníollacha go léir, tuarascálann níos mó ná leath den sampla coinníoll amháin nó dhó nó níos mó le 12 mhí anuas, i mbeagnach gach tír, agus i measc fir agus mná araon. I measc na mná san Fhionlainn, sa Fhrainc agus sa Ghearmáin, tá an céatadán seo gar do 90, rud a chiallaíonn nach raibh aon cheann de na coinníollacha seo ach ag mionlach beag. Ó thaobh aille se, ní bhfaighimid patrúin soiléire ar éagsúlacht trasnáisiúnta, cé go seasann an loruá agus an tSualainn amach le céatadán íseal reatha ag tuairisciú aille ach leis na céatadán is airde de mhná a raibh aille acu roimhe seo.

I dTábla 3, tuairiscimid torthaí do na torthaí sláinte eile sna sonraí. Tá na figiúirí céanna i gceist le meastachán ó thaobh droch sláinte féincheangailte nó fíor-droch sláinte féincheangailte agus atá ag staidéir bunaithe ar bhabhtáí níos luaithe den SSE, le céatadán íseal in Éirinn agus san Eilvéis, agus na scóir is airde san Eastóin, san Ungáir agus sa Liotuáin. Baineann an méid céanna le céatadán na bhfreagróirí a bhfuil bac curtha leo, go pointe áirithe ar a laghad le breoiteacht fadtéarmach, agus is iad an Liotuáin agus an tSlóivéin na tíortha ina dtuairiscíonn an céatadán is airde fadhbanna. Ag breathnú ar chéatadán na ndaoine a thuairiscíonn comharthaí tromchúiseacha dúlagair,^{viii} faighimid bearna soiléir inscne atá ag teacht le staidéir ar shláinte intinne san Eoraip bunaithe ar bhabhtáí níos luaithe den SSE. Tá sé suntasach, áfach, nach bhfuil aon bhearná inscne ann san loruá agus san Fhionlainn. Tacaíonn na céatadán ísle a thuairiscíonn comharthaí tromchúiseacha dúlagair san Fhionlainn, san loruá, agus san Eilvéis agus an baol mór de chomharthaí tromchúiseacha dúlagair i ndeisceart agus i lár agus in oirthear na hEorpa le torthaí níos luaithe bunaithe ar an SSE.

Ar deireadh, ó thaobh róthrom agus murtall de, feicimid go bhfuil fir i bhfad níos dóchúlá chun a thuairisciú go bhfuil siad róthrom ná mná inár sampla, agus i measc mná tá an céatadán atá ag féin-thuairisciú go bhfuil siad ró-throm nó murtallach thar a bheith ard i lár agus in oirthear na hEorpa.

Tábla 2: Coinníollacha ainsealacha féin-thuiriscithe i 21 tír Eorpach (do fir agus mná astu féin, céatadán)

		Croi	BFA	Anáil	Ailleirge	Pian droma	Pian láimhe	Pian coise	Bolg	Craic-eann	Tinneas cinn	Diaibéiteas	Ceann díobh seo	2 nó níos mó	Aisle faoi láthair	Aise roimhe seo
Tuaisceart																
An Danmhairg	F	8.4	20.3	9.5	16.2	45.7	21.8	23.9	14	10	7.6	6.7	30.6	52.5	2.8	7
	B	8.2	19.5	10.5	17.5	50.5	28.4	32.7	22.2	14.4	17.2	5.3	22.9	60.2	4.5	9.6
An Fhionlainn	F	11.6	20.1	10.8	14.7	47.4	26	31.8	16.5	13.8	13.9	7.8	28.4	58.2	2.8	4.6
	B	9.9	21.8	13.5	19	57.8	27.7	34.3	27.2	20.3	23.4	5.4	21.2	70.4	2.1	5.7
An Iorua	F	8.6	15.5	10.5	15.7	36.5	23.2	22.2	14.1	10.5	5.1	4	32.3	45.9	2.2	5.1
	B	7.3	15.1	14.6	23.3	50.4	32.1	33.3	20.7	10.2	15.4	3.7	24.3	60.8	0.7	10.2
An tSualainn	F	7.1	17.1	7.8	15.1	42.3	22.9	25	16.2	7.7	6.9	5	29.3	49.6	2.5	5.4
	B	8.5	18.9	10.9	20.5	51.3	30.1	27.9	27.1	10.5	16.5	4.8	25.2	59.5	2.4	10.2
An Iarthar																
An Ostair	F	11.1	16.9	5.3	6.9	30.5	13.6	17.8	8.2	6.3	8.5	3.9	22.5	34.9	3.3	8.1
	B	10.8	15.7	6.7	9.7	34.3	17.3	16.4	12.9	9.6	15	3	18.9	41	3.4	8.7
An Bheilg	F	9.1	13.5	9.1	10.6	48	24.7	27.6	15.3	6.8	8.8	5.3	29.2	51.3	2.8	4.4
	B	8.9	18.7	10	17.1	53.7	31	28.4	24.9	8.3	22.6	4	24	61.6	3.3	6.4
An Fhrainc	F	9.3	11.7	11.8	11	43.1	27.5	28	17.2	8.7	14.7	6	29.2	50.8	3.5	4.7
	B	9.3	16	12	15	52	33	28.5	19	8.2	30.2	5.8	21.1	64	4	6.4
An Ghearmáin	F	11.5	22	10.9	14.1	49	22	24.8	18.1	12.3	15.6	6.6	26.4	56.7	2.6	6.1
	B	15.6	23.7	12.2	16.7	59.5	27.2	29.4	25.4	13.7	27.1	6.5	19.7	69	2.9	7.5
Éire	F	5.8	12.8	6.9	4.4	21.5	9.9	14.2	7.8	5.2	3.8	3.1	21.7	26.5	5.2	3.5
	B	5.2	11.3	7.4	6.2	22.1	13.2	13.8	9.8	6.4	7.3	2.7	24.9	26.6	3.9	5.1
An Ísiltír	F	12.8	17.5	8.7	11.1	33.7	18	22.1	11.2	9.2	8.2	7.4	30.9	44.5	4	5.8
	B	8.5	18.5	11.3	14.1	44.9	21.2	24.5	16	10	17.7	4.8	31.7	49.4	3	8.1
An Eilvéis	F	8.7	14.5	5.7	9.5	37	18.2	24.9	12.9	8.4	11.8	3.8	31.3	44.3	7.5	7.2
	B	7	13.5	7.3	14.9	44.6	22.2	23.5	17.8	10.1	20	3	29.9	49.9	10.1	9
An Ríocht Aontaithe	F	7.6	18.5	13.1	8.8	35.3	22.8	26.3	16.4	10	8.2	6.5	30.3	44.8	3.3	5.2
	B	6.9	18.1	13.7	15	36.2	20.3	27.6	18.2	14.2	15.8	4.6	27.4	51.5	3.2	7.4
Lár/Oirthear																
Poblacht na Seice	F	6.6	17.2	4.8	6.1	20	10.4	13.8	7.8	3.8	5.9	6.3	25.9	26.2	-	-
	B	7.7	16.1	7	10.1	26.6	13.6	16.1	9.2	4.3	12.5	5.4	23.9	33	-	-
An Eastóin	F	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	6.5	5.8
	B	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	5.6	6.3
An Ungáir	F	11.3	21.2	6.1	5.3	16.9	11.6	14.8	6.5	1.7	6.7	4.4	17.8	27.4	15.3	5.2
	B	12.9	22.8	5.4	8.4	17.7	15.9	18.7	8	4.8	14.1	6.5	14.7	33.6	15.4	6.8
An Liotuáin	F	16.5	18.8	3.7	2	24.9	9.1	12	11.1	0.6	4.8	2.5	23	29.8	5.9	6.8
	B	21.4	25.8	5.1	5	27.2	11.7	16.3	15.6	3.6	14.8	3.5	21.3	41.1	11.1	9.2
An Pholainn	F	16.3	17.7	5	8.4	29.5	22.3	22	10.4	4	9	4.9	26.3	39.7	5.2	3.4
	B	20	20.3	7	11.8	38.7	29.6	25.6	17.1	5.1	18.1	6.4	22.8	51.8	6.1	5
An tSlóivéin	F	9.4	20.8	7.4	8.6	36.4	19.5	19.4	12.1	3.7	7.7	5	35.9	38.6	3	4.5
	B	13.7	24.5	9.6	11.7	46.8	24.3	26.2	20.2	4.1	17.8	7.4	27.6	54.1	2.8	5.6
Deisceart																
Iosrael	F	10.7	15.3	7.1	5.7	20.6	12.9	14	7	4.9	8.9	10.6	18.6	30.1	8.4	5.7
	B	8.6	15.6	7	6.3	24	13.1	19	11.1	5.1	10.3	9.2	19.5	33	9.4	4.5
An Phortaingéil	F	8.3	20.8	6.9	13.7	45.1	24.9	27.8	16.2	6.9	16.3	8.5	25.7	51.6	1.6	3.9
	B	15	22.1	12.6	20.6	49.4	41.9	39.3	18	5.3	29.6	9.1	17.5	65.8	2.8	5.9
An Spáinn	F	9.1	15	7.9	11	33.9	20.3	23.6	12.8	5.5	9	5.5	31.4	39.8	1.9	4.8
	B	9.8	17	8.3	12.2	46.5	33.9	31.6	17.1	9.5	22.2	5.2	24.8	53.4	2	4.2

Foinse: Babhta 7 Suirbhé Sóisialta na hEorpa, 2014

Dathchódú bunaithe ar an luach is airde, aimhéalán agus an luach is ísle de dháileadh gach táscaire thar tíortha

Tábla 3: Sláinte ginearálta féin-thuairiscithe, breoiteacht fadtéarmach atá teorantach, sláinte intinne agus róthrom/murtall i 21 tír Eorpach (do fir agus mná astu féin, céatadán)

		Drochshláinte/Fíor dhrochshláinte	Faoi chiotai ag breoiteacht	Comharthai dúlagair	Róthrom/murtallach
Tuaisceart					
An Danmhairg	F	6.1	26.4	8.1	52
	B	6	33.5	12.6	38.9
An Fhionlainn	F	4.6	29.9	6.7	59.1
	B	5.3	34.8	8.2	47.9
An Iorua	F	4.6	26.4	6.2	57.4
	B	9.6	32.6	8.9	42.4
An tSualainn	F	2.8	26.8	6	56.8
	B	6	35.3	14.6	43.5
An tIarthar					
An Ostair	F	4.1	21.5	8.5	57.5
	B	4.7	21.9	13.6	38.9
An Bheilg	F	5	25.3	8.6	51.1
	B	5.8	29.5	14.3	39.5
An Fhrainc	F	6.4	21.9	8.2	52.8
	B	9.3	27.1	16.5	40.9
An Ghearmáin	F	7.6	29.5	9	60.2
	B	12.4	33.3	20.2	44.4
Éire	F	2	17.3	6.2	56.3
	B	2.7	18.4	9.1	41
An Ísiltír	F	4.1	27.3	8.3	51.4
	B	6.1	33.7	10.8	44.5
An Eilvéis	F	2.3	20.4	4.7	52.5
	B	3.9	22.3	9.3	29.9
An Ríocht Aontaithe	F	6.7	24	10.6	58.5
	B	7.5	27	14.7	47.7
Lár/Oirthear					
Poblacht na Seice	F	4.9	27.5	19.1	67.4
	B	8.3	29.8	28.6	49.4
An Eastóin	F	11.2	28.7	14.8	56.4
	B	12.4	26.6	20.8	48.1
An Ungáir	F	13.5	29.5	21.5	63.8
	B	13.8	31.8	27.5	52.8
An Liotuáin	F	12.1	33.3	16.1	60.7
	B	12.8	35.2	22.7	50.8
An Pholainn	F	8.3	27.8	11.3	60.8
	B	12.5	32.3	25.3	44.1
An tSlóivéin	F	9.8	31.2	8.7	61.2
	B	12.2	38.5	15.6	50.6
Deisceart					
Iosrael	F	9.2	25	12	55.9
	B	11.3	25.5	19.1	47.8
An Phortaingéil	F	8.3	17.4	15.8	56
	B	12.1	21.9	30.9	49.8
An Spáinn	F	8.8	14.8	12.8	60.4
	B	14.9	19.3	24.7	43.3

Foinse: Babhta 7 Suirbhé Sóisialta na hEorpa, 2014

Dathchódú bunaithe ar an luach is airde, airmheán agus an luach is ísle de dháileadh gach táscaire thar tíortha

Conas a ndéantar cinntithigh sóisialta agus iompraíochta sláinte a dháileadh ar fud na hEorpa?

Rinneamar rátaí leitheadúlachta aois-chaighdeánaithe a ríomh do ghach ceann de na cinntithigh sóisialta agus iompraíochta sláinte laistigh den mhodúl. Fuaireamar amach go bhfuil líon suntasach Eorpaigh go bhfuil blaiseadh acu ar shaincheisteanna sóisialta agus iompraíochta de fadhbanna sláinte. Ina theannta sin, tá éagsúlacht trasnáisiúnta ag baint leis an tslí ina mbíonn taithí ag daoine ar na tosca sóisialta agus iompraíochta seo.

Tá eolas mar gheall ar rochtain agus úsáid chúram sláinte do ghach tír i dTábla 4.

Tá éagsúlacht mhór ann maidir le riachtanas nach bhfuil comhlíonta ar fud tíortha, le céatadán thar a bheith arda san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Eastóin, sa Pholainn, san Iosrael agus sa Phortaingéil. Ag breathnú ar na cúiseanna a tuairiscíodh do riachtanais nach bhfuil comhlíonta, tá liostaí feithimh luaite go háirithe san Eastóin, sa Pholainn agus san Iosrael, agus is cosúil gurb í an easpa coinní an rud atá fíor achrannach san Fhionlainn, sa Pholainn, agus san Iosrael. Maidir le húsáid chúram sláinte faighimid amach go bhfuil timpeall trí cheathrú den sampla tar éis dul i gcomhairle le DG le bliain anuas san chuid is mó de na tíortha, ach is féidir le seo a bheith níos ísle, m.sh. sa tSualainn. Tá an céatadán de freagróirí atá ag dul i gcomhairle le speisialtóir nó atá ag baint úsáid as cóireáil mhalartach níos ísle, agus níos airde i gcoitinne do mhná ná d'fhir. I roinnt tíortha, d'fhéadfadh leibhéil níos airde a léiriú gur féidir le daoine iad féin a tharchur go díreach. Tá sé speisiúil i roinnt tíortha, go bhfuil an céatadán atá ag baint úsáid as cóireáil mhalartach cosúil le nó níos airde fiú ná an céatadán atá ag dul i gcomhairle le speisialtóir. Nil aon phátrún soiléir ann d'éagsúlacht réigiúnach do na beartais seo, agus maidir le na táscairí seo caithimid cuimhneamh nach ndearnadh iad a choigeartú le haghaidh fadhbanna sláinte nó an riachtanas dá bharr le haghaidh cúram sláinte.

I dTábla 5, cuirimid éagsúlacht trasnáisiúnta i láthair ar iompar riosca. Ag tosnú leis na sonraí maidir le caitheamh tobac, tá céatadán na ndaoine a chaitheann tobac faoi láthair i bhfad níos ísle i dtuaisceart na hEorpa, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus i bhfad níos airde i measc fir i lár

agus in oirthear na hEorpa, áit a bhfeicimid bearna inscne mhór in iompar tobac (mar atá i ndeisceart na hEorpa). Tá an céatadán de chaiteoirí tobac roimhe seo, thar a bheith mór áfach, i dtuaisceart na hEorpa. I measc na caiteoirí tobac reatha, tá an céatadán atá ag caitheamh 20 toitiní nó níos mó ar ghnáth lá thar a bheith ard san Ostair, sa Pholainn agus san Iosrael. Tá éagsúlacht láidir ar fud tíortha ó thaobh an céatadán a thuairiscíonn go n-ólann siad alcóil go minic, le céatadán thar a bheith íseal san Iosrael agus i lár agus in oirthear na hEorpa (go háirithe i measc mná). Ag breathnú ar an méid alcóil a óltar i ngach tír atá páirteach i mBhabhta 7 de SSE, feicimid, ar an iomlán, go n-ólann fir beagnach dhá oiread aonad ná mná, agus go bhfuil an méid alcóil a óltar ag an deireadh seachtaine beagnach dhá oiread níos mó ná an méid a óltar i rith na seachtaine. Tá líon na n-aonad a óltar thar a bheith ard in Éirinn.

Tá ragús óil rialta thar a bheith ard sa Ríocht Aontaithe agus sa Phortaingéil. Tá ragús óil rialta annamh i dtuaisceart na hEorpa, agus i measc mná i lár agus in oirthear na hEorpa. Ó thaobh gníomhaíocht fhísiciúil de, ní fheicimid patrúin soiléire réigiúnacha d'éagsúlacht nó difríochtaí inscne. Ar deireadh, tá an méid torthaí agus glasraí a itear i bhfad níos airde i measc mná ná i measc fir, go háirithe i dtuaisceart na hEorpa.

Ar deireadh, léiríonn Tábla 6 meastacháin do na cinntithigh sóisialta eile ó thaobh sláinte a bhí mar pháirt den mhodúl rothlach san SSE. Tá guaiseacha eirgeanamaíochta agus ábhair in aon phost níos ísle i bPoblacht na Seice agus in Iosrael ná in aon tír eile, agus i ngach tír tá baol níos mó ann i measc fir go mbeidh siad gan cosaint ar na guaiseacha seo ná i measc mná.

Maidir le coinníollacha óige is cosúil gur lú a thuairiscítear coimhlínt sa teaghlach agus daoine ag fás suas sa Spáinn agus i lár agus in Oirthear na hEorpa, ach tá cruatan airgeadais ag fás suas suntasach go leor i ndeisceart agus i lár agus in oirthear na hEorpa. Maidir le fadhbanna titheochta, ní fheicimid patrúin soiléire d'éagsúlacht réigiúnach, cé go mbíonn tionchar mór ag a leithéid ar líon mór freagróirí. Ar deireadh, tá céatadán na bhfreagróirí atá ag soláthar cúram gan pá níos airde i gcoitinne i dtuaisceart na hEorpa. Mar sin féin, tá an líon daoine atá ag tabhairt 10 uair an chloig nó níos mó in aghaidh na seachtaine thar a bheith ard i ndeisceart na hEorpa.

Tábla 4: Rochtain agus úsáid chúram sláinte i 21 tír Eorpach (do fir agus mná astu féin, céatadáin)

		Riachtanas nach bhfuil comhlíonta ar an iomlán	Riachtanas nach bhfuil comhlíonta: Liosta feithimh	Riachtanas nach bhfuil comhlíonta: ní raibh aon choinne ar fáil	Cuairt ar DG	Cuairt ar speisialtóir	Baineadh úsáid as cóireáil eile
Tuaisceart							
An Danmhairg	F	5.8	2	2.2	75.9	35.6	35.3
	B	8	2.9	1.8	83.2	41.4	44.8
An Fhionlainn	F	16.9	6.5	5.9	68.1	35	39.3
	B	22	7.5	9.7	71.5	44.6	51.8
An Iorua	F	11.3	4.6	4.1	75	24.8	33.7
	B	16.1	5.9	4.8	85	30	42.9
An tSualainn	F	8.2	1.6	2	51.6	27.6	36.2
	B	12.9	2.8	3	63.1	37.4	45.9
An Iarthar							
An Ostair	F	4.1	1.8	2.3	72.4	41.5	35.4
	B	6	1.8	3.1	82	55.1	44.7
An Bheilg	F	9	2.3	2	77.4	38.3	30
	B	11.5	4	1.5	85.7	51	37.2
An Fhrainc	F	15	4.1	3.7	80.2	40.1	35.9
	B	21.7	5.2	5.8	85.9	51.1	46.9
An Ghearmáin	F	13.4	4.3	4.6	80.1	55.3	38.9
	B	19	5.9	7.4	83.3	69.3	54.7
Éire	F	5.6	1.9	1.5	61.7	18.4	21.9
	B	7.8	3.4	2.2	74.2	20	29.7
An Ísiltír	F	3.8	1.1	0.5	65.2	39.3	34.1
	B	4	0.7	0.6	76.1	46.7	39
An Eilvéis	F	4.8	0.4	0.9	66.4	36.2	39.7
	B	8.1	1.3	1.8	74.9	45.7	56.7
An Ríocht Aontaithe	F	10.9	2.2	4.9	72.8	29.9	24.3
	B	14.9	3.2	10.3	78.9	33.9	32.1
Lár/Oirthear							
Poblacht na Seice	F	6.2	1.3	1.5	70	31.8	24.9
	B	6.3	2.2	1.1	76.5	39	33.4
An Eastóin	F	15.4	9.7	4.6	65.6	39.7	29.8
	B	19.9	10.7	8.3	77.6	57	46.3
An Ungáir	F	4.6	1.6	1.6	59	26.7	10.3
	B	6.7	3.2	2.2	69.6	33.3	14.6
An Liotuáin	F	11.3	5.2	5.1	52.4	21.1	29
	B	15.1	6	7.6	71.7	29.4	45
An Pholainn	F	18.6	10.1	7.2	63.6	40.7	16.3
	B	25.8	10.3	12	77.2	48.4	19.7
An tSlóivéin	F	7.9	4.5	0.2	75	37.3	27.9
	B	8.4	4	0.8	79.9	42	32.6
Deisceart							
Iosrael	F	15.9	10.8	7.5	76.3	55.1	22.3
	B	22.2	13.1	11.1	85.2	64.3	27.8
An Phortaingéil	F	18.7	6.9	4.7	77.9	35.1	22.9
	B	18.6	3.2	7.1	83.4	38.2	19.8
An Spáinn	F	11.7	4.1	3	74.5	42.2	22.3
	B	13.1	5.1	3.8	83.9	52.7	29.9

